

# An Teist



Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

**Siobhán Ní Mhuimhneacháin**

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



# CLÁR

Sula Léifidh tú an Leabhar seo

3

Caibidil 1

4

Caibidil 2

6

Caibidil 3

10

Caibidil 4

12

Caibidil 5

16

Caibidil 6

20

Caibidil 7

23

Caibidil 8

27

Caibidil 9

29

Caibidil 10

32

Léirmheas Leabhair

36



# SULA LÉIFIDH TÚ AN LEABHAR SEO

## Tasc Léamhthuisceana

In éineacht le do pháirtí léigh clúdach tosaigh agus clúdach cúil an leabhair. Féach tríd an leabhar go tapa – is é sin, scinn tríd an leabhar agus féach ar na pictiúir. Ansin, labhair le do pháirtí agus déan iarracht an scéal a thuar.



### Taighde

Tá an scéal seo suite i mbunscoil sna 1970idí.

Déan taighde faoin saol i mbunscoileanna in Éirinn sna 1970idí. Cuir agallamh ar do thuismitheoirí agus ar do sheantuismitheoirí. Bailigh scéalta, agus grianghraif freisin, más féidir. Cuir do chuid taighde le chéile i bhfoirm tionscadail. Is féidir na tionscadail ar fad a chur i láthair an ranga.

Seo thíos roinnt ceisteanna a chabhróidh leat agus tú i mbun taighde le do mhuintir:

- Ainmnigh na cluichí clóis a d'imir tú nuair a bhí tú ar scoil?
- Cé na hábhair scoile a ndearna tú staidéar orthu?
- Cé mhéad páiste a bhí i do rang / sa seomra ranga?
- An mbíonn rudaí le feiceáil i seomra ranga anois nach raibh ann nuair a bhí tusa ar scoil?



# CAIBIDIL 1



## Stór Focal

Meaitseáil nathanna sa dá cholún a bhfuil an bhrí chéanna leo:

de gheit	scrúdú
aisteach	ábalta
teist	ag éirí níos measa
in ann	níl cliú agam
uair amháin	ait
ag dul in olcas	de phreab
níl tuairim agam	tráth dá raibh

Anois cum abairtí agus na nathanna seo thíos iontu:

de gheit: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

ag dul in olcas: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

níl tuairim agam: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_



## Scríbhneoiréacht

Tá mé go maith chuig go leor rudaí ar scoil ach níl mé in ann litriú. (Ich 5)

Bíonn buanna difriúla ag gach duine. Breac síos na buanna éagsúla atá agatsa timpeall ar an scamall seo.

### Mo chuid buanna / láidreachtaí

Scríobh alt faoi do chuid buanna agus láidreachtaí. Cabhróidh an chreatlach seo leat.

Faoin am seo, tá mé cinnte de rud amháin. Tá an-chuid buanna agus láidreachtaí agam! Bainim an-sásamh as a bheith ag \_\_\_\_\_ agus ag \_\_\_\_\_. Ceapaim gur i Rang a \_\_\_\_\_ a bhí mé nuair a fuair mé amach ar dtús go raibh mé go maith ag \_\_\_\_\_. Tráth dá raibh, ní raibh mé in ann \_\_\_\_\_ ach anois táim tar éis dul i bhfeabhas go mór agus níl aon fhadhb agam leis. Táim an-bhuíoch as na buanna go léir atá agam!



# CAIBIDIL 2

## Litriú agus Foghraíocht

*Fiche focal a bhíonn le foghlaim againn gach seachtain. (Ich 8)*

Seo fiche focal duit le foghlaim an tseachtain seo – 5 cinn nua gach oíche. Scríobh amach na focail sa ghreille thíos agus ansin bris suas ina siollaí iad.

	Dathaigh	Cé mhéad siolla?
<b>ua</b>		
<u>tuairim</u>	Tuairim	2
<u>uaireadóir</u>		
<u>uaireanta</u>		
<u>buartha</u>		
<u>fuaiméanna</u>		
<b>each</b>		
<u>seachtain</u>		
<u>tuirseach</u>		
<u>beach</u>		
<u>sceach</u>		
<u>teachtaireacht</u>		
<b>ia</b>		
<u>iarracht</u>		
<u>iarann</u>		
<u>ciarsúr</u>		
<u>cíallmháir</u>		
<u>iallacha</u>		
<b>ogh</b>		
<u>d'fhoghlaim</u>		
<u>ag foghlaim</u>		
<u>foghlamtha</u>		
<u>bogha</u> (báisti)		
<u>foghlái</u> (mara)		



## Tarraing pictiúr

Pioc amach 12 fhocal ón ngreille agus tarraing pictiúr nó siombail de gach focal.

Scríobh an focal faoin bpictiúr. Tá ceann amháin déanta cheana:

uaireadóir			

## Roghnaigh an focal

Scrúdaigh an liosta focal seo agus roghnaigh an focal a oireann:

**iallacha / seachtain / teachtaireacht / buartha / beach / iarann / foghláí mara /  
uaireadóir / sceach / bogha báistí / tuirseach**

1. Téada nó cordaí chun do bhróga a choinneáil dúnta:

---

2. Leagan eile ar ‘tuar ceatha’:

---

3. Tá 7 lá i ngach ceann acu: \_\_\_\_\_

---

4. D’fhéadfá ceann acu seo a fháil i mbuidéal cois trá:

---

5. B’fhéidir go mbeifeá mar seo mura mbeadh d’obair bhaile déanta agat:

---

6. Feithid a thugann mil dúinn: \_\_\_\_\_

---

7. Úsáidtear é chun roic a bhaint as éadaí: \_\_\_\_\_

---

8. Bíonn paiste ar a shuíl ag an duine seo sna scéalta, uaireanta:

---

9. B’fhéidir go bhfuil ceann díobh ag fás sa ghairdín nó sa pháirc phoiblí:

---

10. Úsáideann tú é chun an t-am a léamh: \_\_\_\_\_

---

11. Mura bhfaighidh tú go leor codlata, beidh tú mar seo: \_\_\_\_\_

## Scrúdaigh an focal

Féach ar an bhfocal ‘**TEACHTAIREACHT**.’ Measc suas na litreacha agus déan iarracht an oiread focal beag agus is féidir leat a dhéanamh as. Scríobh sa bhosca thíos iad. Tá 3 nójmeád agat!



# CAIBIDIL 3

## Tasc Éisteachta

Scioib Brian Ó Tuathail an crián gorm uaim agus mé ag dathú pictiúir de mhaighdean mhara. (lch 12)

Éist leis an dán seo faoi mhaighdean mhara á léamh ag an múinteoir faoi thrí, agus déan iarracht na ceisteanna cluastuisceana a fhreagairt.

### A Mhaighdean Mhara

Siobhán Ní Mhuimhneacháin

A Mhaighdean mhara, ar an gcarraig,  
Táim ag faire ar d'áilleacht mhór.  
Led' ghruaig dheas chasta is eireaball  
fada  
Is tú ag canadh amhrán go leor.

A mhaighdean mhara, an bhfuil eagla ort  
Is tú i bhfad ó thalamh is gan cosa fút?  
Tá an ghrian od' dhalladh i lár na mara  
Ó tar abhaile cois calaидh chugam.

1. Cá bhfuil an mhaighdean mhara ina suí?
2. Déan cur síos ar áilleacht na maighdine mara.
3. Cad a dhéanann an mhaighdean mhara mar chaitheamh aimsire?
4. Cén fáth a gceapann an file go mbeadh eagla ar an maighdean mhara?
5. An bhfuil an ghrian ag cur isteach ar an maighdean mhara? Cén chaoi?

## Obair ó Bhéal

Déan iarracht an dán **A Mhaighdean Mhara** a fhoghlaim agus a aithris go bríomhar soiléir.



## Taighde

- Déan taighde ar an scéal The Little Mermaid. Cé a scríobh é? Cathain a scríobhadh é? Cár scríobhadh é?
- An féidir leat teacht ar aon scéal Gaeilge, nó ar dhán eile Gaeilge, a bhfuil maighdean mhara ann?



## Stór Focal

### Aidiachtaí

Déan iarracht smaoineamh ar an méid aidiachtaí agus is féidir chun cur síos ar phearsantacht duine. Scríobh sa bhosca thíos iad. Déanaigí le chéile é agus bíodh sé ina chomórtas agaibh féachaint cén bheirt a mbeidh an méid is mó aidiachtaí acu.

tuisceanach  
drochbhéasach  
mífhoghneach

Tá mise agus Sadhbh mór le chéile ó bhíomar sna Naónáin Mhóra. (lch 12)

Anois déan liosta de na tréithe pearsantachta (na haidiachtaí) ba mhaith leatsa a bheith ag do chara.

---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



# CAIBIDIL 4

## Triail Tuisceana

1. Cén fáth a raibh mothú ait ag Nuala ina bolg nuair a dhúisigh sí?
2. Rinne Nuala a seacht míle dícheall chun litriú na bhfocal a fhoghlaim i rith na seachtaine. Cé na rudaí a rinne Nuala chun cabhrú léi féin leis an litriú?
3. Cén fáth a gceapann Nuala go maróidh an Mháistreás í?
4. Cén fáth a gceapann Nuala uaireanta go bhfuil Sadhbh níos fearr ná a tuismitheoirí?
5. Mínigh mar a chuir Nuala agus Sadhbh aithne ar a chéile den chéad uair.
6. Cá bhfios dúinn go bhfuil Sadhbh an-chliste go deo?

Sílim go bhfuil Sadhbh an-chliste go deo mar:

- A: \_\_\_\_\_  
B: \_\_\_\_\_  
C: \_\_\_\_\_

7. Cén cheist a chuir Nuala ar an Máistreás maidin Dé hAoine?
8. Cén fáth, dar leat, a mbíonn sé deacair ar Nuala an litriú a fhoghlaim?
9. Pioc amach ainmfocal amháin agus briathar amháin as Caibidil 4 agus scríobh amach iad. \_\_\_\_\_
10. Cum ceist thú féin, bunaithe ar Chaibidlí 1-4.



## Gramadach

### An Aidiacht Shealbhach (roimh chonsain)

\*Nóta don mhúinteoir: Múin a bhfuil sa bhosca thíos.

Níl ár ndóthain ama againn le bheith ag dul siar ar obair... (Ich 15)

Mo + séimhiú	Ár + urú
Do + séimhiú	Bhur + urú
A (cailín) – lom	A (slua) + urú
A (buachaill) + séimhiú	

Anois, líon na bearnaí anseo thíos:

1. 'Anois do \_\_\_\_\_ (seans) imirt sa chluiche,' arsa mo \_\_\_\_\_ (cairde) liom sa chlós.
2. Tháinig Sorcha go dtí an cheolchoirm scoile agus éadaí nua uirthi. 'Nach bhfuil a \_\_\_\_\_ (bróga) agus a \_\_\_\_\_ (gúna) nua go fíor-álainn ar fad,' arsa Siún.
3. 'Ar chuir sibh oraibh bhur \_\_\_\_\_ (geansaithe) agus bhur \_\_\_\_\_ (cótaí) fós?' a d'fhiabraigh an mhúinteoir de dhaltaí Rang 4.
4. 'Is í ár \_\_\_\_\_ (foireann) scoile an fhoireann is fearr sa chontae,' a d'fhogair na daltaí i ndiaidh an chluiche.
5. 'An bhfuil a \_\_\_\_\_ (cuid oibre) déanta acu agus a \_\_\_\_\_ (dánta) foghlamtha acu?' a d'fhiabraigh an príomhoide den mhúinteoir ranga.
6. D'fhág Dáithí a \_\_\_\_\_ (tionscadal) staire sa bhaile trí thimpiste.



## Stór Focal

Déan iarracht teacht ar fhocail/ar nathanna i gCaibidlí 1-4 a oireann don chur síos a thugtar anseo thíos. Scríobh na focail/na nathanna anseo thíos.

tuairim ar bith (lch 6): \_\_\_\_\_

bhí orm (lch 9): \_\_\_\_\_

Rinne mé an-iarracht go deo (lch 9): \_\_\_\_\_

Ní raibh ag éirí liom (lch 9): \_\_\_\_\_

fiche (lch 10): \_\_\_\_\_

d'fhéach sí (lch 11): \_\_\_\_\_

eagla/faitíos (lch 11): \_\_\_\_\_

láithreach (lch 11): \_\_\_\_\_

ag cur isteach orm (lch 11): \_\_\_\_\_

Le déanaí (lch 12): \_\_\_\_\_

cairdiúil le chéile (lch 12): \_\_\_\_\_

a fuair sí/a ghnóthaigh sí (lch 13): \_\_\_\_\_

coimeád (lch 13): \_\_\_\_\_

go heaglach/go himníoch (lch 14): \_\_\_\_\_

ullamh (lch 15): \_\_\_\_\_



## Gramadach

Bíodh babhta tobsmaointe sa rang faoi na heachtraí is tábhachtaí sa scéal go dtí seo. Scríobh timpeall ar an scamall iad.

### Achoimre: Na Príomhphointí

Anois, scríobh alt mar achoimre ar an scéal. Bí cinnte go luann tú iad seo:

- Na carachtair
- An fhadhb sa scéal
- Na príomheachtraí (na príomhrudaí a tharla) go dtí seo

Ansin, léigh d'achoimre do do pháirtí. Ar fhág tú aon eolas tábhachtach amach nó ar chuir tú eolas isteach nach raibh tábhachtach? An féidir leat í a fheabhsú? An gá dréacht eile a scríobh?



# CAIBIDIL 5

## Litriú agus Foghraíocht

Tá ceithre ghrúpa litreacha anseo thíos. Is féidir na grúpaí litreacha a bheith i dtús, i lár nó i ndeireadh an fhocail. Tá focal samplach amháin scríofa i ngach grúpa cheana féin. Agus sibh in bhur ngrúpaí beaga bíodh sé ina chomórtas eadraibh smaoineamh ar oiread focal agus is féidir a bhfuil na grúpaí litreacha seo iontu. 5 nóiméad atá agaibh. Tá cead foclóir a úsáid.

<b>-ín</b> rúit <u>ín</u>  lomlán:	<b>-ai</b> <u>faire</u>  lomlán:
<b>-ao</b> <u>gaoth</u>  lomlán:	<b>-ei</b> <u>teist</u>  lomlán:

## Triail Tuisceana

Líon na bearnaí le ceann amháin de na briathra thíos, atá san aimsir chaite. Ansin cuir na habairtí in ord ó 1–6 de réir mar a tharla siad san úrscéal. B'fhearr gan féachaint ar an úrscéal agus tú á dhéanamh.

thug	ní raibh	rinne	chuimil
sháigh	bhreathnaigh	bhí	

1. \_\_\_\_\_ mé mo rúitín agus \_\_\_\_\_ mé i mo thimpeall.
2. Ansin, go tobann, \_\_\_\_\_ duine éigin sonc sa chos dom.
3. Agus í ag faire ar an Máistreás, \_\_\_\_\_ Sadhbh píosa beag páipéis anall chugam, go mall cúramach.
4. Tá a fhios agam go raibh an rud a \_\_\_\_\_ mé ina dhiaidh sin mícheart.
5. Ní raibh oiread agus focal amháin scríofa agamsa i mo chóipleabhar ach \_\_\_\_\_ an dream eile ar fad ag scríobh le buile.
6. Faoin am a raibh seacht bhfocal léite amach ag an Máistreás, \_\_\_\_\_ ach trí cinn scríofa agamsa.

# A Gramadach

## An Forainm Réamhfhoclach 'ar'

\*Nóta don mhúinteoir: Múin a bhfuil sa bhosca thíos.

*Is ansin a thug mé faoi deara go raibh Sadhbh ag breathnú orm agus meangadh mór millteach uirthi. (lch 17)*

orm	orainn
ort	oraibh
air	orthu
uirthi	

Anois, líon na bearnaí anseo thíos:

1. Bhí díomá \_\_\_\_\_ mar níor thug an múinteoir am breise dúinn chun féachaint ar an litriú roimh an scrúdú.
2. Ní raibh Brian Ó Tuathail ag mothú go maith ar scoil inné. Ceapaim go raibh slaghdán \_\_\_\_\_.
3. D'iarr an príomhoide \_\_\_\_\_ mo leabhar a oscailt.
4. Lig sí \_\_\_\_\_ go raibh sí tinn nuair nach raibh an obair bhaile déanta aici.
5. Bíonn \_\_\_\_\_ teacht isteach ón gclós nuair a chloiseann siad an clog ag bualadh.
6. 'Brostaigí \_\_\_\_\_,' a deir an príomhoide linn nuair a bhímid ag siúl go rómhall ar an staighre.
7. 'An mbíonn aon eagla \_\_\_\_\_ roimh scrúdú?' arsa mo chara liom.
8. 'Caithfidh sibh bhur gcótaí a chur \_\_\_\_\_ má tá sibh ag dul amach faoin aer,' arsa an múinteoir.

## Obair ó Bhéal

*Tá a fhios agam go raibh an rud a rinne mé ina dhiaidh sin mícheart. Go deimhin féin, nílím bródúil as a ndearna mé. (Ich 18)*

Uaireanta bíonn sé deacair an cinneadh ceart a dhéanamh.

Agus sibh in bhur ngrúpaí beaga pléigí\_cad is ceart a dhéanamh sna cásanna seo thíos:

1. Ghoid tú €5 ó Eoin, dalta i do rang. Bhí an t-airgead tugtha isteach aige chun íoc as an turas scoile, ach theastaigh uaitse bronntanas a cheannach do bhrefhlá do Mhama agus ní raibh aon airgead agat.
2. Bhí tú ag pleidhcíocht sa chlós le grúpa cairde agus bhuaile tú Tomás sa tsúil, trí thimpiste. Bhí an múinteoir an-chrosta leat ach níor labhair sí leis na daltaí eile a bhí sa ghrúpa. Cheap tú nach raibh sé sin cothrom mar bhí siadsan ag pleidhcíocht freisin, ach is cairde maithe leat iad agus níor mhaith leat go mbeadh siad i dtrioblóid.
3. Chuala tú Siún, cara leat, a rá rud éigin gránna faoi Róisín (cailín eile i do rang). Ceapann tú gur cheart duit é a rá le Róisín.
4. Ní dhearna tú d'obair bhaile aréir mar bhí cluiche mór ar an teilihís. Dúirt tú le do thuismitheoirí nach raibh aon obair bhaile ag an rang. Anois, tá an múinteoir ag lorg do chuidse obair bhaile le ceartú. Smaoiníonn tú ar phlean. Go tobann, tá tú chun éirí 'tinn.'
5. Insíonn do chara rún duit. Tá sé chun éalú amach fuinneog a sheomra codlata an tráthnóna sin chun bualadh le duine éigin. Iarrann sé ortsá geallúint a thabhairt gan é sin a insint do dhuine ar bith.



# CAIBIDIL 6



## Stór Focal

### Contrárthachtaí / Neamhchosúlachtaí

Tá sé sin mímhacánta, a Shadhbh. (Ich 19)

Scriobh na contrárthachtaí cearta anseo thíos, agus déan iarracht na patrún ghamadaí a oibriú amach ó na samplaí a tugadh.

#### Mí-

Macánta/mímhacánta

Ceart/mícheart

Buíoch/míbhúíoch

Dilís / mídhlís

Ádh / mí-ádh

Foighneach/ \_\_\_\_\_

Oiriúnach/ \_\_\_\_\_

Compordach/ \_\_\_\_\_

SláintíUIL/ \_\_\_\_\_

Buntáiste/ \_\_\_\_\_

Rialta/ \_\_\_\_\_

Eagraithe/ \_\_\_\_\_

Cruinn/ \_\_\_\_\_

#### Droch-

Meas/drochmheas

Caint/droch-chaint

Am maith/drocham

Béasach/ \_\_\_\_\_

Dea-iompar/ \_\_\_\_\_

Cáil/ \_\_\_\_\_

Dea-scéal/ \_\_\_\_\_

Aiste mhaith/ \_\_\_\_\_

Dea-shampla/ \_\_\_\_\_

**Cinn Eile**

Trom/ \_\_\_\_\_

Leathan/ \_\_\_\_\_

Garbh/ \_\_\_\_\_

Dorcha/ \_\_\_\_\_

Glórach/ \_\_\_\_\_

**An ritheann aon samplaí eile leat?**

Bídeach/ \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ / \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ / \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ / \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ / \_\_\_\_\_

**Gramadach****Rólimirt:** Seo thíos an comhrá a bhí idir Nuala agus Sadhbh sa chlós.

Cuir i láthair é in éineacht le do pháirtí. Bíodh an comhrá lán brí agus mothúchán.

Nuala: Cén fáth a ndearna tú é sin? Cén fáth ar thug tú na focail sin dom?

Sadhbh: Muise, cén sórt cantail atá ort? Cheapfá go mbeifeá buíoch díom. Nár gheall mé ar maidin duit nach raibh aon ghá le himní a bheith ort? Tá díomá orm nach bhfuil tú buíoch díom.

Nuala: Ní hé nach bhfuil mé buíoch díot, ach is ag cóipeáil a bhí mé! Tá sé sin mímhacánta. Is maith atá a fhios agat é!

Sadhbh: Ach, ach ... is tusa mo chara (*le crith ina glór*). Bhí tú i bponc. Agus tagann cairde i gcabhair ar a chéile má bhíonn duine acu i bponc, nach dtagann?

Nuala: Tá an ceart agat, a Shadhbh (*lámh timpeall uirthi*). Tagann cairde i gcabhair ar a chéile.



## Scríbhneoiréacht

*'Is í Sadhbh an cara is fearr atá agam.' (Ich 21)*

Bailigh eolas faoi dhlúthchara atá agatsa agus cuir an t-eolas sa phróifil anseo thíos. Beidh ort roinnt ceisteanna a chur ar do chara.

### Mo Dhlúthchara

Ainm: \_\_\_\_\_

Aois: \_\_\_\_\_

Cuma fhisiciúil: (airde, gruaig, súile):  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Deartháir(eacha)/Deirfiúr(acha):  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Caitheamh Aimsire:  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Buanna speisialta:  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

An rud is mó a thaitníonn leat fúithi/faoi:  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Anois tarraing pictiúr de do chara:



# CAIBIDIL 7

## Tasc Léamhthuisceana

Líon na bearnaí anseo le briathar nó le forainmn réamhfhoclach as an ngreille taobh thíos, gan féachaint ar théacs an úrscéil.

Faoin am ar \_\_\_\_\_ mé an baile tráthnóna, \_\_\_\_\_ eachtraí an lae dearmadta \_\_\_\_\_. ‘Cén chaoi a raibh an teist litrithe inniu?’ a dúirt Mam, tar éis an tae. \_\_\_\_\_ a ceist geit \_\_\_\_\_. ‘Ó bhí sí, um, bhí sí maith go leor,’ a dúirt mé féin. Agus \_\_\_\_\_ sé ar fad ar ais \_\_\_\_\_. ‘Maith go leor a deir tú?’ arsa Deaide. ‘De ghnáth deir tú go mbíonn sí uafásach.’ ‘Bhuel ...’ a \_\_\_\_\_ mé, agus mo cheann \_\_\_\_\_. Ní raibh a fhios \_\_\_\_\_ céard a déarfainn \_\_\_\_\_. ‘Bhuel, \_\_\_\_\_ sí chomh dona sin inniu,’ a dúirt mé. Bhí an-fhonn go deo \_\_\_\_\_ an scéal a insint do mo thuismitheoirí.

Briathra (Aimsir Chaite)	Forainmneacha Réamhfhoclacha
tháinig	orm
bhí	leis
dúirt	fóm
shroich	chugam
ní raibh	agam
Bhain	asam
	agam

Anois, féach ar leathanach 22 den úrscéal, agus seiceáil an raibh an ceart agat. Ceartaigh do chuid oibre, más gá.



## Scríbhneoreacht

Léigh an ríomhphost seo thíos.

*Chuig: [noirin\\_stoirin@gmail.com](mailto:noirin_stoirin@gmail.com)*

Ábhar: Táim i bp onc!

A Nóirín, a chara,

*Conas atá cúrsaí leatsa? Táimse i dtrioblóid! Fan go gcloise tú cad a rinne mé .... Bhí teist litrithe againn ar scoil Dé hAoine agus bhí an-imní orm roimh ré mar tá sé deacair orm an litriú a fhoghlaím. Dúirt mo chara, Sadhbh, liom gan a bheith buartha. Nuair a bhí an teist á déanamh agam, sháigh Sadhbh píosa beag páipéis anall chugam agus céard a bhí ar an bpíosa páipéis ach na focail a bhí glaoite amach ag an Máistreás sa teist! Thóg mé an píosa páipéis agus scríobh mé síos iad. Ní fhaca an Mháistreás mé.*

*Tá a fhios agam go bhfuil an rud a rinne mé mímhacánta. Go deimhin féin, nílím bródúil as. Cad a dhéanfaidh mé? Ar cheart dom gach rud a insint do mo thuismitheoirí? Ach, tá sé róchasta mar scéal agus tá gach seans ann nach dtuigfidís mo chás ar chor ar bith. Cad a cheapann tú féin?*

*Tá súil agam go bhfuil tú féin go maith agus go bhfuil na coileáin a bhí ag Bran ag fás aníos ag tapa. An mbeidh tú ag teacht ar cuairt chugainn lá éigin go luath? Beidh mé ag súil le freagra uait sula i bhfad!*

Beannacht, Nuala.



## Scríobh ríomhphost

Lig ort gur tusa Nuala. Bhí tú trí chéile ag an deireadh seachtaine faoin rud a tharla ar scoil Dé hAoine. Scríobh tú ríomhphost chuig d'aintín ag lorg comhairle.

Chuig: [noirin\\_stoirin@gmail.com](mailto:noirin_stoirin@gmail.com)

(Cum do sheoladh féin)

Ábhar: Táim i bpconc!

(Cum do cheann féin)

A Aintín Nóirín, a chara,

Alt 1: Mínigh an fhadhb

Alt 2: Lorg cabhair/comhairle

Alt 3: Críoch ghairid (Cuir ceisteanna ar d'aintín fúithi féin srl.)

Beannacht,

Nuala

# A Gramadach

## An Aidiacht Bhriathartha

\*Nóta don mhúinteoir: Múin a bhfuil sa bhosca thíos.

*Faoin am ar shroich mé ..., bhí eachtraí an lae dearmadta agam. (Ich 22)*

Líon isteach na habairtí sa cholún ar dheis. Tá cúpla ceann déanta cheana.

	Briathar (Modh Ordaitheach)	Aidiacht Bhriathartha
An Chéad Réimniú	1. <u>Dún</u> an fhuinneog.	Tá sí <u>dúnta</u> agam.
	2. <u>Ól</u> an sú oráiste.	Tá sé <u>ólta</u> agam.
	3. <u>Bain</u> an cat den díon.	Tá sé <u>bainte</u> agam.
	4. <u>Glan</u> an seomra ranga.	
	5. <u>Tóg</u> an leabhar den bhord.	
	6. <u>Líon</u> an bosca le criain.	
	7. Ná <u>bris</u> an bréagán sin!	Níl
An Dara Réimniú	8. <u>Bailigh</u> na cóipleabhair.	
	9. <u>Oscail</u> an buidéal péinte.	
	10. <u>Ceangail</u> an corda.	
	11. <u>Ceannaigh</u> ceapaire don lón.	
	12. <u>Cearaigh</u> an teist sin.	
	13. <u>Críochnaigh</u> do chuid oibre.	
	14. <u>Maisigh</u> an cárta.	
Neamh-rialta	15. <u>Tabhair</u> do mhála leat.	
	16. <u>Déan</u> an obair bhaile.	
	17. <u>Ith</u> do dhinnéar.	
	18. <u>Faigh</u> ciarsúr do Nuala.	



# CAIBIDIL 8



## Scríbhneoireacht

### Poncaíocht

Tá sliocht anseo thíos ón úrscéal ach tá na ceannlitreacha, na lánstadanna, na comharthaí ceiste (agus corr-rud eile) in easnamh.

Marcáil isteach sna háiteanna cearta iad.

le linn an deireadh seactaine rinne mé gach iarracht an scoil agus gach ar bhain léi a chur as mo cheann ach, go tobann, bhí maidin dé luain buailte linn arís ní raibh aon fhonn beo orm dul ar ais ar scoil inniu a bheadh an mháistreás ag tabhairt amach torthaí na teiste ...

bhí sadhbh romham ag geata na scoile agus chonaic sí ag teacht mé bhí an chuma uirthi go raibh sí sona sásta agus cén fáth nach mbeadh ní raibh aon rud ar nós torthaí teiste ag cur as dise nuair a chuaigh mé isteach sa seomra ranga chonaic mé go raibh mo chóipleabhar leagtha ar mo dheasc rug mé air bhreathnaigh mé ar an gclúdach ar feadh soicind d'oscail mé go faiteach é

Anois, féach ar leathanáigh 25/26 den úrscéal agus féach an ndearna tú i gceart é.

### Triail Tuisceana

1. Cén fáth nach raibh fonn ar Nuala dul ar scoil Dé Luain?
2. Cén fáth, an dóigh leat, go raibh an chuma ar Shadhbh go raibh sí sona sásta?
3. Cén fáth a raibh iontas ar Nuala go bhfuair sí cúig déag as fiche sa scrúdú?
4. Cad a dúirt Sadhbh le Nuala Dé hAoine?
5. Cé na trí mothúchán a luaitear ar leathanach 25? I gcás gach ceann de na mothúcháin sin, tabhair focal eile a bhfuil an bhrí chéanna leis.

A. \_\_\_\_\_ = \_\_\_\_\_

B. \_\_\_\_\_ = \_\_\_\_\_

C. \_\_\_\_\_ = \_\_\_\_\_

6. An gceapann tú go ndearna Sadhbh an rud ceart sa teist? Mínigh do fhreagra.
7. Déan tuar faoina dtarlóidh sa scéalanois?



## Gramadach agus stór focal

### Inscne Ainmfhocail

Pléigh cad is ainmfhocal ann. Caithfidh an múinteoir é seo a mhíniú.

Tá liosta focal sna colúin thíos ó Chaibidil a hOcht.

In éineacht le do pháirtí currigí ciorcal timpeall ar **na hainmfhocail** go léir.

d'oscail	gach	seomra
duit	sásta	chuaign
scoil	geata	rinne
uirthi	cóipleabhar	chonaic
maidin	agus	marc
bhain	Sadhbh	freisin

Anois, déan liosta de dheich n-ainmfocal.

---



---



---



---



---



---



---



---



### Stór Focal

#### Na Mothúcháin

*Ar dtús bhí iontas orm. Ansin bhí ríméad orm. (lch 25)*

Déan iarracht smaoineamh ar oiread mothúchán agus is féidir leat. Scríobh timpeall ar an scamall iad. Cuir líne ghlas faoi na dea-mothúcháin agus líne dhearg faoi aon drochmhothúchán.





# CAIBIDIL 9



## Tasc Éisteachta

\*Nóta don mhúinteoir: Tógadh na habairtí uile díreach ón úrscéal, in ord, lgh 27-29.

Fágadh focail ar lár as na habairtí thíos ó Chaibidil 9. Éist go cúramach leis an múinteoir á léamh amach, faoi dhó, agus cuir isteach na focail atá ar lár.

1. An chuid eile den lá sin, bhí rudaí aisteacha \_\_\_\_\_ istigh i mo cheann.
2. Bhraith mé \_\_\_\_\_. Fuair mé marc \_\_\_\_\_ mar bhí mé \_\_\_\_\_.
3. Bhí mé sásta go raibh cara \_\_\_\_\_ Sadhbh agam. Cara a bhí sásta rud \_\_\_\_\_ a dhéanamh ar mo shon.
4. Bhí a fhios agam go raibh rud \_\_\_\_\_ déanta agam.
5. \_\_\_\_\_ ag an bpointe sin go n-inseoinn \_\_\_\_\_ ar fad don Mháistreás.
6. Bhí mé \_\_\_\_\_ cheart.
7. \_\_\_\_\_ sé liom go mbeadh Sadhbh \_\_\_\_\_ chomh maith dá n-inseoinn an scéal don Mháistreás.
8. Bhí a fhios agam go mbeadh an Mháistreás ag \_\_\_\_\_ le \_\_\_\_\_ uaim sa teist litrithe uaidh seo amach.
9. B'fhéidir go mbeinn in ann marc sách maith a bhaint amach an \_\_\_\_\_.
10. Ní raibh \_\_\_\_\_ na ngrást agam céard \_\_\_\_\_ dom a dhéanamh.



## Scríbhneoiréacht

Tar éis duit Caibidil a Naoi a léamh, lig ort gur tusa Nuala agus líon isteach an sceideal seo bunaithe ar na smaointe a bhí agat i rith an lae ar scoil. Is féidir na smaointe a thógáil díreach ón leabhar.

### Sceideal Smaointe

10 a chlog: Táim sásta liom féin mar go bhfuair mé marc iontach sa teist.

10:30: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

10:45: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

11 a chlog: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

11:30: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

12 a chlog: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

12:30: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_



## Drámaíocht

### An Chathaoir The

Agus sibh in bhur ngrúpaí beaga roghnaígí duine amháin sa ghrúpa do ról Nuala. Suíodh sise 'sa chathaoir the'. Suíodh na daltaí eile sa ghrúpa mórrhimpeall uirthi. Cuirfidh na daltaí eile ceisteanna ar 'Nuala' agus freagróidh 'sise' iad.

**Litriú agus Foghraíocht**

In éineacht le do pháirtí lorgaigí focail i gCaibidil 9 a mheatseálann na patrún thíos:

- |                      |                   |
|----------------------|-------------------|
| 1. ion_____          | 12. ua_____       |
| 2. ___ion_____       | 13. ua_____       |
| 3. dár ___ion___     | 14. ___ua_____    |
| 4. _____ái_          | 15. bh_           |
| 5. i __ái_____       | 16. bh_____       |
| 6. an _____ás        | 17. go bh_____    |
| 7. ___ás_____        | 18. go bh_____    |
| 8. ____each_         | 19. an ch_____    |
| 9. ___ ____each_____ | 20. an-ch_____    |
| 10. ___ach           | 21. ch_____ maith |
| 11. ___ach_          |                   |

Tá 120 soicind agaibh chun smaoineamh ar oiread focal agus is féidir ina bhfuil na grúpaí ‘ch’ nó ‘bh’. Breacaigí síos ar phíosa páipéir iad.



# CAIBIDIL 10

## Triail Tuisceana

Cuir na habairtí seo ó Chaibidil 10 in ord, ó 1-10, agus déan aon athrú eile orthu is gá. Úsáid an t-úrscéal chun do chuid oibre a cheartú.

‘Ná cuir, a Mháistreás,’ a dúirt mé go tobann. ‘Ná cuir m’ainm i Leabhar na Réaltaí.’

Bheadh an-díomá go deo ar mo thuismitheoirí.

Agus sin é é! Tá gach rud thar barr ar scoil anois! Thar barr ar fad!

Go tobann agus gan aon spreagadh ón Máistreás, thosaigh mé ag caint. Agus d’inis mé an scéal di ó thus deireadh.

Bhí mé fós idir dhá chomhairle nuair a dúirt an Mháistreás go raibh sí ag iarraidh labhaint liom.

Chuir sí m’ainm i Leabhar na Réaltaí.

Nuair a bhí deireadh ráite agam, tharraing mé m’anáil agus d’fhan mé le freagra.

‘Caithfidh tú a ghealladh dom go n-inseoidh tú an scéal ar fad do do thuismitheoirí.’

‘Táim an-sásta leat. Tá mé le d’ainm a chur isteach i Leabhar na Réaltaí anois láithreach.’


Dúirt sí liom go raibh díomá uirthi liom. Ach mar sin féin gur thuig sí mo chás.

## Tasc Éisteachta agus Ealaíne

Bhíodh boird mar seo in úsáid i scoileanna sna 1970idí.

Éist leis an múinteoir ag tabhairt treoracha maidir leis an bpictiúr seo. Léifidh sé/sí gach treoir faoi dhó.

(IS FÉIDIR CÓIPEANNA A DHÉANAMH DEN PHICTIÚR THÍOS)



### Treoracha an mhúinteora:

1. Tarraing cás peann luaidhe ar an tseilf sa bhord.
2. Tarraing leabhar ar an mbord, agus é ar oscailt.
3. Tarraing maighdean mhara ar leathanach oscailte an leabhair.
4. Tarraing luch faoin mbord.
5. Tarraing píosa páipéir fillte in aice le cos an bhoird.
6. Tarraing an Mháistreás agus í ina seasamh os comhair\* an bhoird.
7. Tarraing cathaoir taobh thiar\* den bhord.
8. Tarraing mála scoile taobh leis an mbord. (is cuma céan taobh)
9. Anois cuir X dearg i gcúinne amháin den leathanach, ag an mbarr.
10. Scríobh d'ainm ag bun an leathanaigh, sa láir.

\*Seans go mbeidh gá le soiléiriú maidir le cé acu taobh den bhord go díreach atá i gceist!



## Scríbhneoreacht

Lig ort gur tusa Nuala agus go bhfuil tú ag scríobh i do dhialann an oíche Luain sin tar éis duit labhairt leis an Máistreás.

Idir an rang agus an múinteoir déantar seisiún scríbhneoreachta roinnt ar dtús, ar an gclár bán, mar ullmhúchán don tasc seo.

Leag amach an iontráil dialainne mar atá anseo thíos:

Dé Luain, 13 Feabhra 1979

A Dhialann,

Alt 1: Mínigh cad a tharla inniu leis an Máistreás.

Alt 2: Scríobh faoinar tharla le do thuismitheoirí um thráthnóna.

Alt 3: Scríobh faoi mar a bhraitheann túanois.

Oíche mhaith,

Nuala

Scríobh d'iontráil dialainne féin anois i do chóipleabhar. Bain úsáid as na focail / nathanna seo a leanas:

ag obair go dícheallach	Leabhar na Réaltaí	an milleán
an fhírinne	díomá	mhínigh mé/sí
an t-ádh dearg liom	thuig sí mo chás	thar barr
trioblóid	mímhacánta	ionadh (iontas)



## Scríbhneoreacht

### Eagarthóireacht

Anois tá d'iontráil dialainne scríofa agat! Tabhair d'iontráil dialainne do do pháirtí le léamh. Pléigí na rudaí a thaitin go mór libh agus ansin déanaigí moladh amháin faoin tslí a bhféadfaí í a fheabhsú. Smaoinigí ar na nithe seo:

Focail & frásai suimiúla

Tuairimí maithe/difriúla

Bhain sé/sí an-úsáid as an eolas sa scéal

Greann

Leagan amach soiléir

Samhlaíocht

An féidir leat féin í a cheartú nó a fheabhsú anois?



## LÉIRMHEAS LEABHAIR

Teideal an Leabhair: \_\_\_\_\_

Údar: \_\_\_\_\_ Maisitheoir: \_\_\_\_\_

Suíomh an scéil (am & áit):  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Carachtair sa scéal:  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Plota an scéil:  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Críoch an scéil:  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

An fiú an leabhar a léamh? Cén fáth?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Marc as 10: \_\_\_\_\_

Dathaigh an aghaidh is fearr a oireann:



 **GAN GUM**